VACSAÍN COVID-19
Comhairle Sláinte Poiblí

Tar éis Vacsaín Comirnaty (Pfizer/ BioNTech) in aghaidh COVID-19 a fháil

Go raibh maith agat as an vacsaín a fháil le tú féin agus daoine eile a chosaint. Anois go bhfuil an vacsaín faighte agat, iarraimid ort an doiciméad seo a léamh go cúramach le go mbeidh a fhios agat cén chaoi a mbeidh tú ag aireachtáil as seo go ceann cúpla lá agus cá háit ar féidir leat teacht ar a thuilleadh eolais. Iarrtar ort an bhileog eolais a thugamar duit maidir leis an vacsaín in aghaidh COVID-19 a léamh freisin.

Ar deireadh, táimid le taifead ar do vacsaíniú inniu a thabhairt duit chomh maith. **Iarrtar ort an cárta taifid vacsaínithe sin a choinneáil in áit shábháilte.**

Céard a d'fhéadfadh tarlú as seo go ceann cúpla lá?
Cuid de na daoine a fuair an vacsaín chéanna agus a fuair tú inniu:

- bhí frithireacht agus at orthu sa ghéag láimhe ar ar tugadh an t-instealladh vacsaíne dóibh
- bhí tuirse orthu
- bhí tinneas cinn orthu
- bhí pian sna matáin acu
- bhí pian sna hailt acu
- bhí buinneach orthu
- bhí fiabhras orthu (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn).

Tháinig miócairditeas (athlasadh mhatán an chroí) agus peireacairditeas (athlasadh líneáil an chroí) ar líon an-bheag daoine a fuair an vacsaín.

Tá baol na riochtaí an-annamh seo níos airde i measc fir óga. Is mó seans go dtarlóidh na riochtaí seo laistigh de 14 lá tar éis an dara dáileog den vacsaín a fháil.

Ba cheart duit cabhair leighis a fháil gan a thuilleadh moille agus a lua leis an ngairmí sláinte go bhfuair tú an vacsaín le déanaí má thagann aon cheann de na siomptóim seo ort:

- giorra anála
- éirí croí (buille láidir croí a d'fhéadfadh a bheith a neamhrialta)
- pian sa chliabhrach

Mar is amhlaidh i gcás gach vacsaíne, is féidir leat fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte. Le fo-iarmhairtí aon cheann de na vacsaíní in aghaidh COVID-19 a thuairisciú, téigh chuig **www.hpra.ie/report**

Céard ba cheart dom a dhéanamh má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta orm?
Má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ort, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein a thógáil le hiad a mhaolú. Mar sin féin, faigh comhairle leighis má mhaireann d'fhiabhras níos mó ná 48 uair an chloig nó má bhíonn imní fós ort. Ná tóg iobúpróifein má tá tú ag iompar clainne.

An gá dom aon rud a dhéanamh sula bhfaighidh mé an dara dáileog den vacsaín?
Nuair a bheidh an chéad dáileog eile (i.e. an dáileog deiridh) den vacsaín á fáil agat, inis don fhoireann vacsaínithe má tá aon athrú tagtha ar do stair leighis idir an dá linn.

Tabhair leat do chárta taifid vacsaínithe nuair a rachaidh tú leis an dara dáileog a fháil.
Is i gceann 21-28 lá a gheobhaidh tú an dara dáileog.

An dea-scéala
Ba cheart go gcosnódh an vacsaín thú in aghaidh na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann le COVID-19.

Múineann vacsaíní do do chóras imdhíonachta cén chaoi tú a chosaint in aghaidh galar. Tá sé i bhfad níos sábháilte do do chóras imdhíonachta an méid sin a fhoghlaim trí vacsaíniú ná trí COVID-19 a tholgadh.

Táimid fós ag foghlaim
Ní thosóidh an vacsaín ag obair go ceann 7 lá tar éis an dara dáileog a fháil.

Tá seans beag fós ann go dtolgfaidh tú COVID-19 fiú tar éis an vacsaín a fháil.

Ní fios go fóill an féidir le daoine vacsaínithe an víreas a scaipeadh ar dhaoine eile, mar sin ní mór duit leanúint ort ag cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí:

- cloí leis na treoirlínte maidir le scaradh sóisialta (fan dhá mhéadar amach ó dhaoine eile nuair is féidir)
- cumhdach aghaidhe a chur ort
- do lámha a ní go rialta.

An bhfuil ceist agat?
Mura bhfuil tú cinnte faoi rud ar bith, nó má tá aon cheist agat faoin vacsaín in aghaidh COVID-19, cuir ceist ar an duine atá ag tabhairt na vacsaíne duit inniu.

Téigh chuig **www.hse.ie/covid19vaccine** le tuilleadh eolais a chur ar an vacsaín in aghaidh COVID-19.

Fo-iarmhairtí
Iarrtar ort aon fho-iarmhairtí a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte ag **www.hpra.ie/report**

Arna fhoilsiú ag FSS an 29 Iúil 2021
Leagan 7

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland